Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

11908/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0252 (NLE)**

| | |
|---|---|
| **ASIE 62** | **TELECOM 347** |
| **COASI 133** | **RECH 475** |
| **CONOP 78** | **CLIMA 409** |
| **COTER 211** | **ENER 406** |
| **POLCOM 101** | **TRANS 538** |
| **SUSTDEV 148** | **TOUR 58** |
| **PI 106** | **EDUC 296** |
| **GENDER 137** | **CULT 90** |
| **JAI 1105** | **ENV 815** |
| **MIGR 236** | **POLMAR 48** |
| **COHAFA 81** | **SAN 491** |
| **COHOM 94** | **AGRI 382** |
| **CODRO 3** | **EMPL 314** |
| **COMPET 660** | **STATIS 38** |


**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chreat Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(iii) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,[1]

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle[1+], síníodh an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ('an Comhaontú'), thar ceann an Aontais an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(2) Is í is aidhm don Chomhaontú an comhar a neartú i raon leathan réimsí beartais trí chéile, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, comharc na sceimhlitheoireachta, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas agus talmhaíocht.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle an... maidir le síniú, thar ceann an Aontais , agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile (IO L …, …, lch. …).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, tagairt an Chinnidh atá in ST 11909/22 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméid ST 11910/22.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ('an Comhaontú'),[1] a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 15(5) den Chomhaontú.[2]

---

1 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in … [IO: cuir isteach, le do thoil, tagairt IO ST 11910/22].

2 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Is é Ardionadaí an Aontais don Bheartas Eachtrach agus Slándála a bheidh ina chathaoirleach ar an gComhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 52(2) den Chomhaontú. Déanfar ionadaíocht ar an Aontas nó, de réir mar a bheidh, ar an Aontas agus ar na Ballstáit, ar an gComhchoiste, ag brath ar an ábhar.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*